



Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

## Matamaitic

### Bonnleibhéal

Dé hAoine 11 Meitheamh Tráthnóna 2:00 – 4:30

230 marc

<i>Don larrthóir amháin</i>					
<i>Scrúduimhir</i>					

<i>Don Feitheoir amháin</i>	
Stampa an Ionad	

<i>Don Scrúdaitheoir amháin</i>			
	Roinn	Ceist	Marc
Dícheadaithe		1	
1ú A		2	
2ú A		3	
1ú B	A	4	
2ú B		5	
Iom. Dích.		6	
		7	
		8	
<i>Seiceáil Charnach</i>		9	
Iomlán reatha	B	10	
- Iom. Dích.		11	
= Iomlán		↔	Iomlán

Grád

Ná scríobh ar an leathanach seo

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

Roinn A	180 marc	8 gceist
Roinn B	50 marc	3 cheist

Freagair na ceisteanna mar a leanas:

- sé cheist ar bith as Roinn A
- aon cheist amháin ar bith as Roinn B

Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.

Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcás graif agus léaráidí amháin.

Scríobh na freagraí go léir sa fhreagarleabhar seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an fhreagarleabhair. Má bhaineann tú úsáid as, lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an chuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfidh tú marcanna mura mbíonn obair thacaíochta ábhartha san áireamh agat i do réitigh.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnlá d'áireamhá(i)n anseo:


Freagair sé cheist **ar bith** as an roinn seo.

**Ceist 1****(30 marc)**


**(a)** Anseo thíos tá tacar ina bhfuil naoi n-uimhir:

1, 2, 2, 3, 3, 3, 4, 5, 13.

**(i)** Faigh meán na naoi n-uimhir.



**(ii)** Cad é mód na n-uimhreacha?



- (b) Rinne beirt daltaí i rang mata tionscnamh chun an tsaolré chadhra a tháistáil i gcás 2 bhranda cadhnra éagsúla, Branda A agus Branda B.  
 Thaifead siad an fad ama a mhair 11 cheann de gach branda cadhnra.  
 Taispeántar na torthaí sna léaráidí ghais is duillí thíos.

**Branda A**

**Uaireanta an chloig**

3	0	7
4	1	3
5	2	4
6	0	1

**Branda B**

**Uaireanta an chloig**

3	4	5
4	1	4
5	0	6
6	2	

$$\text{Eochair: } 4 \mid 5 = 45 \text{ uair an chloig}$$

- (i) Cad é an tsaolré chadhra aimheánach i gcás gach branda?

<b>Branda A</b> Airmheán =	<b>Branda B</b> Airmheán =

- (ii) Cad é raon gach cineáil?


<b>Branda A</b> Raon =	<b>Branda B</b> Raon =

- (iii) Bunaithe ar tháistálacha na ndaltaí, cé acu branda, dar leat, is faide a mhaireann?  
 Tabhair cúis le do fhreagra.


Freagra:	
Cúis:	

**Ceist 2****(30 marc)**


- (a)** Tóg an triantán  $XYZ$ , áit a bhfuil  $|XY| = 8.5$  cm,  $|\angle XYZ| = 90^\circ$  agus  $|YZ| = 5.3$  cm.  
Tá pointe  $X$  marcálte isteach sa spás thíos cheana duit.



- (b)** Bain úsáid as Teoirim Phíotagaráis chun fad  $[XZ]$  a fháil.  
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an cm is gaire.



- (c)** Seasann  $X$ ,  $Y$ , agus  $Z$  do na suíomhanna ina bhfuil 3 bhaile ar mhapa.  
Is e scála an mhapa ná  $1\text{ cm} = 5\text{ km}$ .  
Faigh an fad idir Baile  $X$  agus Baile  $Y$ .



(d) Bhí airgead á bhailiú ag Seán do charthanacht áitiúil.  
Fuair sé urraíocht le haghaidh aistear rothaíochta carthanachta.  
Gheall cara amháin 70 cent a thabhairt do Sheán ar gach km rothaíochta a rinne sé.  
Rinne Seán rothaíocht ó Bhaile X go dtí Baile Y agus ar ais go dtí Baile X arís.


(i) Cé mhéad km rothaíochta a rinne Seán?

(ii) Cé mhéad airgid, san iomlán, a gheall cara Sheáin a thabhairt dó?

**Ceist 3****(30 marc)**

- (a)** Cuir na huimhreacha seo a leanas in ord, ag tosú leis an gceann is lú:


$$40\%, \frac{5}{12}, 0.45, \frac{3}{8}$$



- (b)** Tá Viggo 9 mbliana d'aois agus tá Wren, a dheirfiúr, 6 bliana d'aois.

Roinntear €75 idir an bheirt acu i gcóimheas a n-aoiseanna.

Cé mhéad airgid a fhaigheann Viggo?



- (c) Iarradh ar dhalta áireamhán a úsáid chun an freagra ar  $(2 \cdot 4 \times 5)^2$  a fháil. Bhrúigh an dalta na cnaipí seo a leanas ar an áireamhán:

2

4

X

5

$x^2$

=

- (i) Cad é an freagra a fuair an dalta?

---

---

- (ii) Is é 144 an freagra ceart ar  $(2 \cdot 4 \times 5)^2$ .

Mínigh na céimeanna ba chóir don dalta a thógáil chun an freagra ceart a fháil.

- (a) Theastaigh ó Phroinsias rothar áirithe a cheannach.

Sheiceáil sé an praghas a bhí air in dhá shiopa rothar.

I dtosach báire, i siopa *Buy-Cycles*, ba é €215 praghas an rothair gan CBL san áireamh.

Ba é 20% an ráta CBL.

Ina dhiaidh sin, i siopa *Bikes-4-All*, ba é €330 an gnáthphraghas le CBL san áireamh, ach bhí sladmhargadh ar siúl a thug laghdú 25% ar an ngnáthphraghas.

- (i) Faigh an praghas a bheadh ar Phroinsias a íoc ar an rothar i ngach siopa.

<i>Buy-Cycles:</i>
<i>Bikes-4-All:</i>

- (ii) Cé mhéad airgid a shábhálfadh Proinsias tríd an rothar is saoire a cheannach?

--

- (b)** Cónaíonn Bríde, aintín le Proinsias, i Nua-Eabhrac.  
Is gá do Bhríde eitilt go Moscó ar thuras gnó.  
Roimh di eitilt, malartaíonn sí 1200 dollar SAM go rúbail na Rúise.  
Is é an ráta malairte atá ann ná 1 dollar = 70·59 rúbal.

(i) Cé mhéad rúbal a fhaigheann sí?

- (ii) Tá am Nua-Eabhrac 7 n-uair an chloig taobh thiar d'am Mhoscó. Fágann eitilt Bhríde Nua-Eabhrac ar an gCéadaoin ar 11:00 a.m. Glacann an eitilt 12 uair an chloig.

Cén t-am agus cén lá a bheidh ann nuair a shroicteann sí Moscó?

## Ceist 5

(30 marc)

- (a)** Ceapann Áine nár cheart go n-úsáidfeadh cithfholcadh an oiread céanna uisce is a d'úsáidfeadh folcadh. Tomhaiseann sí go bhfuil ráta sreafa 11·5 lítear in aghaidh an nóiméid ón gcithfholcadh ag socrú áirithe, agus deir sí gur 9 nóiméad ar an meán a chaitheann duine sa chithfholcadh.

(i) Cé mhéad lítear uisce a úsáidtear, ar an meán, nuair a ghlactar cithfholcadh?


- (ii) Measann Áine gur cruth umair dhronuilleogaigh atá ar an bhfolcadán. Is é 130 cm fad an fhollcadáin, tá sé 50 cm ar leithead agus tá an t-uisce ann 28 cm ar doimhneacht.

Faigh toirt an uisce san fhollcadán.

Bíodh do fhreagra ina lítrí. ( $1000 \text{ cm}^3 = 1 \text{ lítear}$ ).

- (b)** Is é an dronuilleoeg  $XYZW$  íomhá na dronuilleoige  $ABCD$  trí mhéadú le fachtóir scála  $k = 3$ , mar a thaispeántar thíos.

$|AB| = 5 \text{ cm}$  agus is é achar  $ABCD$  ná  $12.5 \text{ cm}^2$ .




(i) Faigh  $|AD|$ .

(ii) Faigh achar  $XYZW$ .

(iii) Tóg lár an mhéadaithe ar an léaráid ag barr an leathanaigh.

**Ceist 6****(30 marc)**

- (a) Is 4 phointe iad  $A(-3, 5)$ ,  $B(3, 5)$ ,  $C(3, -5)$ , agus  $D(-3, -5)$ , mar a thaispeántar ar an ngreille thíos.




Freagair iad seo a leanas:

Is é an freagra i ngach cás ná  $A$  nó  $B$  nó  $C$  nó  $D$ .


- (i) Is é íomhá  $A$  faoi shiméadracht lárnoch sa bhunphointe ná

- (ii) Is é íomhá  $C$  faoi shiméadracht aiseach sa  $y$ -ais ná

- (b) Faigh achar  $\Delta ABC$ , ina  $\text{cm}^2$ , ag glacadh leis go bhfuil gach bosca beag cearnógach  $0.5 \text{ cm} \times 0.5 \text{ cm}$ .



- (c) Sa léaráid thíos taispeántar conair eitleáin agus é ag éirí de rúidbhealach ar uillinn A° leis an gcothromán. Imíonn an t-eitleán den rúidbhealach ag pointe X. Is é 1650 m fad na coda den rúidbhealach atá fágtha tar éis don eitleán éirí de thalamh. Tá an t-eitleán ar airde 350 méadar nuair a bhíonn sé os cionn dheireadh an rúidbhealaigh.



- (i) Ón triantán sa léaráid, breac síos tan A.


- (ii) Bain úsáid as do fhreagra ar **chuid (i)** chun méid uillinn A a fháil. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an chéim is gaire.

- (a) Tá Eilínóir ag roghnú a hábhar staidéir don Ardteistiméireacht.

Tá trí ábhar fós le roghnú aici: teanga amháin, ábhar eolaíochta amháin agus ábhar gnó amháin. Is as an tábla thíos a chaithfidh sí an rogha a dhéanamh.

Teanga	Ábhar Eolaíochta	Ábhar Gnó
Fraincis Gearmáinis Iodáilis Spáinnis	Eolaíocht Talmhaíochta Bitheolaíocht Ceimic Fisic	Cuntasáiocht Gnó Eacnamaíocht

- (i) Cé mhéad slí éagsúil inar féidir le hEilínóir na trí ábhar a dhéanfaidh sí a roghnú?




- (ii) Caithfidh Noah, cara léi, ábhair a roghnú as an liosta céanna freisin.

Ní roghnóidh sé Iodáilis as roinn na dTeangacha.

Caithfidh sé Eolaíocht Talmhaíochta **nó** Bitheolaíocht a roghnú as roinn na nEolaíochtaí.

Cé mhéad slí éagsúil inar féidir le Noah na trí ábhar a dhéanfaidh seisean a roghnú?



- (b)** Imríonn gach dalta i mbliain Eilínóir spórt amháin, agus gan ach spórt amháin, de na trí spórt seo a leanas: Eitpheil, Cispheil agus Peil.

Ríomhadh an dóchúlacht go n-imríonn dalta spórt áirithe trí úsáid a bhaint as líon na ndaltaí a imríonn gach spórt ar leith. Sa tábla thíos taispeántar roinnt de na dóchúlachtaí.

	Eitpheil	Cispheil	Peil
Dóchúlacht	0·2		0·5

- (i)** Roghnófar dalta amháin den bhliain go randamach.  
Cad é an dóchúlacht go n-imríonn an dalta sin cispheil?

- (ii)** Roghnófar dalta amháin go randamach.  
Cad é an dóchúlacht go n-imríonn an dalta Eitpheil nó Peil?

- (iii)** 120 dalta atá i mbliain Eilínóir.  
Cé mhéad de na daltaí sin a imríonn eitpheil?

**Ceist 8****(30 marc)**

- (a) Cruthaíonn Órla patrún uimhreacha.  
Chun é sin a dhéanamh, leanann sí na treoracha sa tábla thíos.


Treoracha:	Uimhir thosaigh	lолraighe faoi 5	Dealagh 2 ón bhfreagra	Toradh
	1	$1 \times 5$	$5 - 2$	3
	2			
	3			
	4			

- (i) Comhlánaigh an tábla. (Tá an chéad líne déanta duit.)


- (ii) Cén uimhir thosaigh a thabharfaidh 53 mar thoradh?

- (b)** Rinne Alastar scrúdú. Bhí dhá roinn sa scrúdú;  
Roinn A (80 marc) agus Roinn B (120 marc).  
Fuair sé 55% i Roinn A agus 75% i Roinn B.


**(i)** Cé mhéad marc a fuair Alastar i roinn A den scrúdú?



**(ii)** Cé mhéad marc san iomlán a fuair Alastar sa scrúdú?



**(iii)** Cad é an céatadán foriomlán a fuair Alastar sa scrúdú?



Freagair aon cheist **amháin ar bith** as an roinn seo.

**Ceist 9**


(50 marc)

D'imirigh clann a chónaíonn i mBaile Átha Cliath ar thuras go Gaillimh, ag fágáil ar 10.00 a.m.

D'fhili siad abhaile níos déanaí an lá sin.

Ar an mbealach, stop an chlann chun sos a thógáil i mBaile Átha Luain.

Sa ghráf Faid is Ama thíos taispeántar cuid de thuras na clainne, an turas chun na Gaillimhe.



(a) Bain úsáid as an ngráf chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

(i) Cé mhéad ama a chaith an chlann i mBaile Átha Luain?

(ii) Cad é an fad ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh?

- (b)** D'fhág an chlann Baile Átha Cliath ar 10.00 a.m.  
Cén t-am a shroich an chlann Gaillimh?

- (c) D'fhan an chlann i nGaillimh ar feadh ceithre uair an chloig agus ansin d'fhill siad abhaile ar Bhaile Átha Cliath.

Ghlac an turas abhaile  $3\frac{1}{2}$  uair an chloig ar luas seasta, gan sos.

- (i) Taispeán an t-eolas sin ar an ngraf Faid is Ama ar an leathanach roimhe seo.

- (ii) Cad é an meánluas a rinneadh ar an turas abhaile?

- (d)** Chosain an breosla a d'úsáid an carr €40 don turas lae.  
Cérbh é meánchostas an bhreosla, in aghaidh an km?  
Tabhair do freagra ceart go dtí an cent is gaire.

---



---

- (e) Cén t-am a bhí sé nuair a shroich an chlann an baile?

**Ceist 10****(50 marc)**

- (a) Caithfidh Jeaic vearnais a chur ar dhoras mór soladach dronuilleogach adhmaid, mar a taispeántar sa léaráid ar dheis.

- (i) Taispeáin gurb é  $2 \cdot 88 \text{ m}^2$  achar an dorais.




- (ii) Tá an vearnais le cur ar dhá thaobh an dorais.

Tá 2 chóta ag teastáil ón dá thaobh.


Clúdaíonn canna vearnais amháin  $4 \cdot 5 \text{ m}^2$ .

Cé mhéad canna is gá do Jeaic a cheannach?




- (iii) Cosnaíonn gach canna vearnais €14.50.

Faigh an méid airgid a íocann Jeaic ar an vearnais.



- (iv) Chomh maith leis sin, caithfidh Jeaic eisiatóir seoidire a cheangal d'imeall an dorais.

Faigh imlíne an dorais, ina méadair.



**(b)** Is é an fhoirmle chun an tInnéacs Corpmhaise (ICM) a ríomh ná:

$$\text{ICM} = \frac{\text{Meáchan}}{(\text{Airde})^2}$$

áit a dtomhaistear meáchan ina Chileagrain (kg) agus airde ina méadair (m).

Tá Jeaic 177 cm ar airde agus is é 73 kg an meáchan atá ann.

(i) Scríobh 177 cm ina mhéadair.

---

---

---


(ii) Comhlánaigh an ríomhaireacht thíos chun ICM Jeaic a fháil.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire.

$$\text{ICM } \text{Jeaic} = \frac{\text{Meáchan}}{(\text{Airde})^2} = \frac{[ ]}{( [ ])^2} =$$

**Ceist 11****(50 marc)**

- (a) Sa bharrachairt thíos taispeántar sonraí maidir leis an ioncam comhlán in aghaidh an teaghlaigh in Éirinn sa bhliain 2016 (An Phríomh-Oifig Staidrimh).  
Nóta: 20 – 40, ciallaíonn sé 20 agus os a chionn, ach faoi bhun 40.




- (i) Cén céatadán de theaghlaigh a raibh ioncam níos lú ná €60 000 acu?

- (ii) Dá roghnófaí teaghlaigh go randamach, cad é an dóchúlacht go mbeidh ioncam €120 000 nó níos mó ná €120 000 aige?

- (iii) Cén grúpa ioncaim lena mbaineann airmheán na sonraí?

- (b)** Sa phícháirt thíos taispeántar caiteachas bliantúil theaghlach Palmer.  
Sa tábla thíos tugtar na luachanna uillinne le haghaidh cuid de na míreanna.



Mír	Tithíocht	Iompar	Bia	Éadaí/Bróga	Breosla /Solas	Seirbhísí, Earráí, Caiteachas Eile
Uillinn	90°	54°	72°	18°	18°	

(i) Comhlánaigh an tábla.

(ii) Cén céatadán den chaiteachas bliantúil a caitheadh ar bhia?

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

- (c) Is lánún phósta iad Seán agus Amanda agus tá beirt pháistí acu.  
Tá an bheirt ag obair agus tá comhioncam comhlán €42 000 acu.  
Íocann siad cáin ar ráta caighdeánach 20%.  
Tá creidmheas cánach €3300 acu.

(i) Faigh an tsuim a íocann siad mar chán ioncaim.

(ii) Íocann Seán agus Amanda suim iomlán ÁSPC €1680 agus suim iomlán MSU €1190 freisin.  
Faigh an pá glan a bhíonn acu tar éis asbhaintí cánach ioncaim, ÁSPC agus MSU.

Leathanach le haghaidh obair bhreise.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an chuid den cheist.

A large rectangular grid of small squares, intended for handwriting practice. It consists of approximately 20 columns and 25 rows of squares, providing a structured area for writing.

Leathanach le haghaidh obair bhreise.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an chuid den cheist.

A large rectangular grid of squares, approximately 20 columns by 30 rows, designed for handwriting practice. It is enclosed in a black border.

An Ardteistiméireacht 2021 – Bonnleibhéal

## Matamaitic

Dé hAoine 11 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:30